2026/2570

16.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2570 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 lena mbunaítear bearta sriantacha i gcoinne Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne agus ina gcoinne siúd a thacaíonn lena ngníomhaíochtaí foréigneacha, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/385 ([1]).

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó Hamas agus ó Jiohád Ioslamach na Palaistíne, ba cheart duine amháin agus eintiteas amháin a chur le liostaí na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/385.

(3) Is iomchuí freisin a shoiléiriú go bhféadfaidh na Ballstáit díolúintí a dheonú ón toirmeasc taistil dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/385 i gcás inar gá dul isteach nó idirthuras chun próiseas breithiúnach a chomhlíonadh nó chun pianbhreith choimeádta a chur isteach i mBallstát ag duine liostaithe.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/385 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(7):

‘Féadfaidh na Ballstáit díolúintí a dheonú freisin ó na bearta a fhorchuirtear faoi mhír 1 i gcás inar gá dul isteach nó idirthuras chun próiseas breithiúnach a chomhlíonadh nó chun pianbhreith choimeádta a chur isteach i mBallstát ag duine a liostaítear san Iarscríbhinn.’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha i gcoinne Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne agus ina gcoinne siúd a thacaíonn lena ngníomhaíochtaí foréigneacha, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin (IO L, 2024/385, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/385/oj).

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/385 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’, cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘23.	Mustafa Moin AYASH مصطفى معين عياش ar a dtugtar freisin Mustafa Moen AYYASH, Mustafa AIASH	Dáta breithe: 18.9.1992 Áit bhreithe: Gaza Inscne: fireann Doiciméad Taistil na hOstaire le haghaidh Dídeanaithe: uimh. K1518177 Pas Palaistíneach: uimh. 6080310 Pas Palaistíneach: uimh. 6214861	Is é Mustafa Moin Ayash bunaitheoir na heagraíochta nuachta meán sóisialta Gaza Now, a d’iarr tabhartais do Hamas, lena n-áirítear trí chriptea-airgeadra. Dá bhrí sin, bíonn sé rannpháirteach i maoiniú Hamas.	16.11.2026’;

(2) faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, grúpaí, eintitis agus comhlachtaí’, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘4.	Gaza Now غزة الآن	Príomháit ghnó: an Eoraip	Is ardán nuachta meán sóisialta é Gaza Now a bhunaigh Mustafa Moin Ayash, ar a n-iarrtar tabhartais do Hamas. Dá bhrí sin, bíonn sé rannpháirteach i maoiniú Hamas.	16.11.2026’